



Ollscoil na hÉireann  
National University of Ireland

## JABTHUAIRISC IOMLÁN:

<b>Teideal an Phoist &amp; Réimse Ábhair</b>	Oifigeach Riaracháin do Ghnóthaí Acadúla
<b>Fad an Phoist</b>	Conradh ar Chúis Sheasta chun saoire mháithreachais a chlúdach
<b>Grád</b>	Oifigeach Riaracháin
<b>Ag tuairisciú do</b>	Cláráitheoir OÉ

### Réamhrá

Ollscoil chónaidhmeach is ea Ollscoil na hÉireann le ceithre chomh-ollscoil agus roinnt institiúidí ardoideachais gaolmhara eile. I gcroílár na hollscoile cónaidhmí, feidhmíonn OÉ mar fhóram do na ballinstitiúidí, cuireann sí seirbhísí ar fáil dóibh, agus bainistíonn sí na cláir lárnacha agus cartlanna na hOllscoil. Déanann OÉ raon leathan de ghníomhaíochtaí freisin d'fhonn an scoláireacht agus an taighde a chothú agus ag cur le dul chun cinn oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta.

Faoin Cairt, tá cumhacht ag OÉ coláistí ardoideachais a aithint, agus céimeanna agus cáilíochtaí eile a bhronnadh sna coláistí sin. Dá réir sin, tá freagrachtaí ag OÉ maidir le caighdeáin agus cáilíocht a dámhachtainí sna coláistí sin, ag féachaint le hinchomparáideacht a chinntiú idir na cáilíochtaí seo agus cáilíochtaí eile Ollscoil na hÉireann. Le bunú an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), d'fhéach OÉ le comhsheasmhacht a chinntiú idir caighdeáin agus cáilíocht na gclár a bhfuil dámhachtainí OÉ mar thoradh orthu, agus cinn an Chreata. Le hachtú an Achta um Cháilíochtaí agus Deimhniú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 faoina bhfuil OÉ ina 'foras cáiliúcháin ainmnithe', cuireadh dualgais bhreise ar an Ollscoil maidir le deimhniú cáilíochta.

Fáiltíonn OÉ roimh iarratais do chonradh ar chúis sheasta le saoire mháithreachais a chlúdach don phost mar Oifigeach Riaracháin do Ghnóthaí Acadúla.

Conradh ar chúis sheasta do thréimhse naoi mí le saoire mháithreachais a chlúdach is ea é seo, mar sin ní bheidh forálacha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001, i bhfeidhm maidir le críochnú an chonartha seo áit nach dtarlaíonn an críochnú sin ach mar thoradh ar éag an téarma seasta sin.

### Feidhm

Cuirfidh an tOifigeach Riaracháin do Ghnóthaí Acadúla leibhéal ard de thacaíocht riaracháin ghairmiúil agus onghníomhach don Chláraitheoir d'fhonn:

- Feabhas a chur ar ghnásanna deimhniú cáilíochta in OÉ;
- Punainn na gclár atá faofa ag OÉ i gColáistí Aitheanta a bhainistiú;
- Cuidiú le polasaithe agus treoirlínte a fhorbairt i raon de réimsí acadúla.

## Dualgais agus Freagrachtaí

Ag freagairt don Chláraitheoir, déanfaidh an sealbhóir poist bainistiú ar raon de gníomhaíochtaí forbartha agus tacaíochta laistigh den Ollscoil a áiríonn na nithe seo a leanas, ach nach bhfuil teoranta dóibh:

- Cur le dréachtú agus le heagarthóireacht na cáipéisíochta um pholasaí, um ghnásanna agus um threoirlínte a bhaineann le gnóthaí acadúla na hOllscoile de réir mar a threoraíonn an Cláraitheoir;
- Comhairle ghairmiúil agus shainiúil a sholáthar don fhoireann acadúil sna Coláistí Aitheanta ar cheisteanna a bhaineann le gnóthaí acadúla na hOllscoile. Dé ghnáth d'áireodh sé seo réimsí a bhaineann le deimhniú cáilíochta, le dearadh na gclár le cur sa Chreat Náisiúnta Cáilíochta, úsáid na dtorthaí foghlama agus na gnásanna ainmnithe a bhaineann le cáilíochtaí OÉ.
- An Cláraitheoir a chur ar an eolas faoi fhorbairtí i bpolasaithe agus treoirlínte um dheimhniú cáilíochta (idir náisiúnta agus idirnáisiúnta) a bhaineann le freagrachtaí na hOllscoile faoin Acht um Cháilíochtaí agus Deimhniú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint) 2012.
- Cur le straitéis um dheimhniú cáilíochta agus le gníomhaíocht taighde a bhaineann leis i réimsí ábhartha;
- Tuairiscí ráithiúla a chruthú le cur faoi bhráid an tSeanaid maidir leis an gnó uile a bhaineann leis na Coláistí Aitheanta agus réimsí ábhartha eile mar a thugann an Cláraitheoir le fios;
- Dlúthchaidrimh oibre a chothú agus a choinneáil leis na comh-ollscoileanna agus le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha mar is cuí;
- Caidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe eile in OÉ, ach go háirithe in Oifig an Chláraitheora agus sna hAonaid Bronnta agus TF, i gcomhairle leis an gCláraitheoir, maidir le ceisteanna a bhaineann le cáilíochtaí agus le forbairtí CNC.
- Dualgais eile a chur i gcrích mar a shannófar ag an gCláraitheoir ó am go ham.

## Scileanna agus cáilíochtaí

Ní mór don iarrthóir rathúil:

- Cáilíocht tríú leibhéal (CNC: Leibhéal 8), nó a coibhéis, a bheith aige/aici, agus taithí chuí a bheith aige/aici i ról cosúil, de rogha san earnáil oideachais;
- Sármhaitheas a léiriú i scileanna eagraíochta, scríbhneoireachta agus cumarsáide;
- Scileanna TF den scoth a bheith acu;
- Cur chuige solúbtha a léiriú agus a bheith féin-tiomáinte leis an gcumas chun athruithe eagraíochta agus oibriúcháin araon a bhainistiú;
- Scileanna ardfhorbartha a bheith aige/aici chun treoirlínte polasaí agus gnásúla atá sainithe go soiléir a dhréachtadh;
- Cumas cruthaithe a léiriú chun tionscadail a scóipeáil, a phleanáil agus a bhainistiú, leis an gcumas soláthar a dhéanamh go rathúil faoi sprioc-amanna diana.

Go hidéalach, beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:

- Cáilíocht iarchéime chuí
- Taithí agus saineolas ar thimpeallachtaí ardoideachais nó earnála poiblí, le heolas ar leith ar fhorbairt polasaí
- Eolas ginearálta faoi OÉ agus a struchtúir agus freagrachtaí reachtúla agus acadúla.

## Téarmaí agus coinníollacha:

### Tuarastal

- Beidh an pá tosaithe do dhaoine a earcófar chuig an ollscoil ar 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh ag an scála a bhaineann leis an bpost sealadach mar Oifigeach Riaracháin mar seo a leanas:  
\*€37,026, €38,688, €40,346, €41,982; €43,688; €45,409; €47,094; €48,876; €50,579.
- \*Cuirfear daoine a cheapfar gan aon taithí seirbhíse poiblí roimhe seo ar an gcéad phointe ar scála tuarastail 2011 thuas.
- Is féidir pá agus coinníollacha eile a bheith i bhfeidhm más rud é go bhfuil a té a cheapfar, díreach roimh an cheapacháin, ag freastal in áit eile sa tseirbhís phoiblí i bpost a bhfuil sé/sí ag íoc ráta ranníocaíochta ÁSPC Rang A, B, C nó D ina leith.
- Féadfar an ráta pá a leasú ó am go ham faoi réir Pholasaí an Rialtais.

### Scéim Pinsin

- Beidh iontrálaithe nua ar fhostaíocht inphinsin san Ollscoil ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag <http://per.gov.ie/wp-content/uploads/Single-Scheme-booklet-Final.pdf>
- Tá ballraíocht de Scéim Pinsin na hOllscoile éigeantach.

### Scéim Dhreasachta um Luathscor (*ISER*)

- Tá sé mar choinníoll ar an Scéim Dhreasachta um Luathscor (*ISER*) mar a leagtar amach i gCiorclán na Roinne Airgeadais 12/09 go bhfuil cosc ar phinsinéirí, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht sin nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le pinsinéirí dá leithéid iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

### Dearbhú

- Beidh ar iarrthóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas roimhe seo as scéim seirbhíse poiblí do luathscor dreasaithe. Beidh ar iarrthóirí freisin dearbhú a dhéanamh maidir le teidlíochtaí ar bith do leas pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc nó caomhnaithe) ó fhostaíocht Seirbhíse Poiblí ar bith eile agus/nó áit a bhfuair siad íocaíocht-in-ionad maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí - sa chás sin féadfaidh forálacha um lacáiste ar phinsin seirbhíse poiblí a bheith i bhfeidhm.

### Uaireanta fostaíochta

- Beidh na huaireanta oibre mar a bheidh aontaithe leis an gClárúitheoir faoi réir théarmaí leasaithe "Chomhaontú Bhóthar Haddington", atá á idirbheartú faoi láthair, agus a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag:  
[http://www.lrc.ie/docs/The\\_Haddington\\_Road\\_Agreement/809.htm](http://www.lrc.ie/docs/The_Haddington_Road_Agreement/809.htm)

### Promhadh

- Beidh tréimhse phromhaidh trí mhí ann, ina mbeidh athbhreithniú leanúnach ar an bhfeidhmíocht. Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh ar lánrogha na hOllscoile.

### Rúndacht

- Coinneoidh an t-iarrthóir rathúil faoi rún agus faoi chosaint iomlán le linn thréimhse an Chonartha gach eolas rúnda a chuirfear ar a (h)iontaoibh maidir leis an Ollscoil, nó a thiocfaidh ina s(h)eilbh mar thoradh ar a p(h)ost laistigh den Ollscoil agus a páirtithe leasmhara éagsúla.

## Gnás Iarratais

- Ba chóir d'iarratais na nithe seo a leanas a áireamh:
  - Curriculum Vitae
  - Litir Chumhdaigh (*d'aire an Chláraitheora*)
  - Ainmneacha agus sonraí teagmhála do bheirt mholtóirí
- Is féidir iarratais ar chur isteach i gceachtar formáid mar seo a leanas:
  - Cóip chrua: An Cláraitheoir, Ollscoil na hÉireann, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
  - R-phost: [personnel@nui.ie](mailto:personnel@nui.ie)
- Gheobhaidh na hiarrthóirí uile admháil ar a n-iarratais. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas, nó má tá fiosrú ar bith eile maidir leis an bpróiseas iarratais, déan teagmháil le r-phost: [personnel@nui.ie](mailto:personnel@nui.ie) nó ar an nguthán: 01-4392424.
- Is é an dáta deiridh chun iarratais a fháil **Dé hAoine, 21 Meitheamh ag 5.00pm**.

## Gnás Measúnaithe

- Painéal Roghnúcháin: Déanfar iarratais a mheas ag Painéal Roghnúcháin, a dhéanfaidh gearrliosta d'iarrthóirí agus a chuirfidh agallaimh orthu.
- Dáta Agallaimh: Ní mór d'iarrthóirí a chuirtear ar an ngearrliosta agus a dtugtar cuireadh chun agallaimh dóibh a bheith ar fáil chun a bheith i láthair Dé hAoine 28 Meitheamh. Tionólfar na hagallaimh in Oifigí OÉ, 49 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
- Beidh ar iarrthóirí a fhaigheann cuireadh chun agallaimh triail ghearr scríbhneoireachta as Béarla a dhéanamh freisin.
- Cuirfear toradh a n-iarratas in iúl do na hiarrthóirí uile, in am chuí.

*Fostóir comhionannas deiseanna is ea Ollscoil na hÉireann.*